(22) Is dócha go leanfaidh an Danmhairg de chuspóir buiséadach meántéarmach de -1.0 % de OTI a bhaint amach, mar a mheas an Coimisiún le haghaidh na tréimhse 2023-2025, in 2023 agus in 2024. Ar bhonn réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh an comhardú struchtúrach cothrom le 3.5 % de OTI in 2023 agus 2.1 % de OTI in 2024, a bheidh os cionn an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh.

(23) Ag glacadh leis nach dtiocfaidh aon athrú ar bheartais, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go dtiocfaidh méadú 4.6 % ar an nglanchaiteachas príomha a mhaoinítear go náisiúnta in 2024.

(24) Tá uasteorainn le cánacha reatha athfhillteacha maoine sa Danmhairg, rud a chiallaíonn nach méadaíonn siad de réir phraghsanna an mhargaidh. Níl siad in ann, dá bhrí sin, deireadh a chur le timthriallta praghsanna tithe agus tá éifeachtaí díobhálacha dáileacháin i gceist leo. D'fhormheas Parlaimint na Danmhairge córas nua cánach maoine chun deireadh a chur leis an uasteorainn in 2017 a bhfuiltear ag súil leis anois go dtiocfaidh sé i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024. Tá sé fós ina dhúshlán mór do go leor daoine tithíocht inacmhainne a fháil. Tá ganntanas tithíochta inacmhainne i mórlimistéir uirbeacha mar thoradh ar an teaglaim de phraghsanna arda tithe agus amanna feithimh fada le haghaidh tithíocht shóisialta. Léiríonn an Danmhairg sciar méadaitheach de mhorgáistí amúchta ar ráta athraitheach agus ar mhorgáistí amúchta iarchurtha, rud a mhéadaíonn leochaileacht sealbhóirí morgáiste a bhfuil fiachais ollmhóra acu i leith laghduithe féideartha breise i bpraghsanna tithe agus/nó méaduithe i rátaí úis.

(27) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta agus sna cláir beartais comhtháthaithe, tá roinnt dúshláin bhreise le sárú ag an Danmhairg a bhaineann le dícharbónú an gheilleagair agus le neartú an gheilleagair chiorclaigh chun tacú leis an aistriú glas.

(28) Ní leor an dul chun cinn atá déanta ag an Danmhairg i dtreo geilleagar ciorclach agus is gá dlús a chur leis chun spriocanna an Aontais maidir leis an ngeilleagar ciorclach a bhaint amach. In ainneoin roinnt beart beartais a tugadh isteach, mar shampla an Plean Aeráide ó 2020, tá an dul chun cinn teoranta. Léirítear sa phlean gníomhaíochta don gheilleagar ciorclach ó 2021 gur as na 129 dtionscnamh sa phlean, tá 27 dtionscnamh curtha i gcrích, tá 88 dtionscnamh de réir an sceidil agus tá moill ar 14 cinn díobh. Léiríonn na staitisticí atá ar fáil nach ndearna an Danmhairg aon dul chun cinn maidir le giniúint dramhaíola, leis an athchúrsáil agus leis an ngeilleagar ciorclach in 2022. Is ar éigean a tháinig laghdú ar an úsáid chiorclach a baineadh as ábhar, ó leibhéal 8 % in 2016 go 7.8 % in 2021, rud a thit faoi bhun mheán an Aontais de 11.7 % in 2021. Cé gurb é is aidhm do phlean gníomhaíochta an gheilleagair chiorclaigh lorg amhábhair an Aontais a laghdú go suntasach, bhí lorg amhábhair na Danmhairge in 2020 cothrom le 25.6 tona/capita, leibhéal atá i bhfad os cionn mheán 2020 an Aontais (13.7 tona/capita). Níl an Danmhairg ag feidhmiú go cuí i roinnt gnéithe den gheilleagar ciorclach, go háirithe maidir le giniúint dramhaíola cathrach, le rátaí athchúrsála agus le cur amú bia. Maidir le dramhaíl chathrach, is ag an Danmhairg fós atá an méid is airde dramhaíola cathrach in aghaidh an duine san Aontas ar úsáideadh 786 kg in aghaidh na bliana in aghaidh an duine in 2021 (530 kg in aghaidh na bliana in aghaidh an duine in 2021 a bhí i meán an Aontais), i gcomhthéacs nach bhfuil aon sprioc náisiúnta ann maidir le laghdú foriomlán ar dramhaíl. Maidir le hathchúrsáil, ní mór don Danmhairg iarrachtaí suntasacha a dhéanamh chun sprioc athchúrsála an Aontais le haghaidh 2025 a bhaint amach maidir le dramhaíl chathrach agus dramhaíl ó phacáistíocht, agus tá sí rangaithe faoi bhun mheán an Aontais de 49.6 %, le ráta 34.3 %[14] in 2021. Ar deireadh, bíonn an Danmhairg ag feidhmiú go dona san Aontas de réir táscairí cur amú bia. Braitheann an Danmhairg go mór ar loscadh dramhaíola, agus déantar os cionn 50 % dá dramhaíl chathrach a loscadh i gcomparáid le meán an Aontais de thart ar 26 %.

---

[14] Chuir an Danmhairg in iúl don Choimisiún go raibh an ráta athchúrsála a tuairiscíodh in 2021 bunaithe ar shonraí míchearta agus go mbeidh sé faoi réir athbhreithnithe.

